# ELeathanach 466

Dé Máirt, an 30 Aibreán 2024



Tá Jean Butler and Michael Flatley ag damhsa sa ghrianghraf thuas

## Riverdance

Dhamhsaigh Jean Butler agus Michael Flatley an rince Riverdance 30 bliain ó shin.

Bhí an Euraifís ar siúl sa 'Point' ar an 30 Aibréan 1994. Glaonn gach duine an '3 Arena' ar an Point anois.

Chonaic 300 milliún duine na damhsóirí ar fad ag damhsa. Lean an rince ar aghaidh ar feadh 7 nóiméad.

Tá an-cháil ar Riverdance anois ar fud an domhain.

## *Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse*

Beidh an Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse ar siúl sa tSualainn i mbliana.

Beidh sé ar siúl ar an 11 Bealtaine 2024 i Malmö. Is é Malmö an tríú cathair is mó sa tSualainn.

Thosaigh an Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse sa bhliain 1956. Ghlac 7 dtír páirt ann.

Bhuaigh Éire an comórtas seo seacht n-uaire. Bhuaigh ABBA an Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse sa bhliain 1974.

An mbeidh an bua ag Éirinn i mbliana? Canfaidh Bambie Thug an t-amhrán 'Doomsday Blue'. Go n-éirí leis na tíortha ar fad a chanfaidh amhráin!




Seo léarscáil den tSualainn. Tá Malmö le feiceáil freisin.



Mufasa: an Rí

## Mufasa: The Lion King

Má chonaic tú **The Lion King** mar chartún nó mar scannán fótairéalaíoch (photorealistic), is dócha gur bhain tú an-sult as.

Bhuel, tá dea-scéal ag Disney duit. Beidh siad ag déanamh scannáin faoi athair Simba, Mufasa, sula raibh Mufasa ina rí, nuair a bhí sé óg.

Beidh roinnt de na carachtair chéanna ag teacht ar ais arís, Scar (Búú!) mar shampla.

Beidh Beyoncé agus a hiníon, Blue Ivy Carter, ag guthú carachtar sa scannán.

Beidh an scannán ag teacht amach i mí na Nollag i mbliana. Nollaig Shona Duit!